An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán 0036/2022**

**Do: Boird Bainistíochta agus Rúnaithe Scoile**
**i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna aitheanta**

## Athbhreithniú ar Thuarastail agus socruithe shaoire bhliantúil do Rúnaithe Scoile fostaithe i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna aitheanta

**Tar éis glacadh ag Forsa de chomhaontú an Choimisiúin um Caidrimh Áit Oibre (WRC) maidir le tuarastail agus teidlíochtaí shaoire éagsúla do rúnaithe scoile deontasmhaoinithe, tá gá le próiseas le heolas a chur i dtoll a chéile ó gach duine atá fostaithe mar rúnaí scoile le cinntiú go dtugtar an phointe cheart ar an scála pá incriminteach agus go bhfaigheann siad an méid ceart de theidlíochtaí shaoire a dhéantar tagairt dó sa chomhaontú, pro rata mar is cuí.**

**Cuideoidh an t-eolas a thugtar sa Chiorclán seo le Rúnaithe Scoile le cinneadh tomhaiste a dhéanamh más mian leo fanacht ar a gcuid téarmaí agus coinníollacha reatha mar a sholáthraíonn an scoil nó más mian leo bogadh go dtí na téarmaí agus coinníollacha nua a chuimsítear sa chomhaontú WRC.**

Mar atá luaite in alt 4 den Chiorclán, tiocfaidh an bogadh go dtí an scála pá méadaithe ó 1 Meán Fómhair 2022. Iarrtar ar scoileanna anois an ráta pá agus saoire bhliantúil a bheadh i gceist má roghnaíonn rúnaí le bogadh go dtí na téarmaí agus coinníollacha nua a aithint agus chun iad siúd a chur in iúl don rúnaí ar féidir leo cinneadh feasach a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil. Má roghnaíonn an rúnaí le bogadh go dtí na téarmaí nua ba chóir don ráta pá nua bheith curtha i bhfeidhm (ag leanúint an phróiseas faoi aguisín 1) ag an scoil ó 1 Meán Fómhair 2022.

Leagtar amach na gníomhartha atá de dhíth ag an scoil ag an phointe seo thíos agus ba chóir dóibh a bheith déanta roimh Meán Fómhair 2022 le ligean d'athrú tráthúil do rúnaithe a roghnaíonn bogadh go dtí na téarmaí nua.

Tá na nósanna imeachta seo le bheith curtha i bhfeidhm ag gach fostóir agus caithfidh gach rúnaí cloí leis na socruithe. Tá na foirmeacha leis na gníomhartha glactha curtha i láthair ag Aguisín 4 agus 5 agus ba chóir don scoil agus rúnaí iad a choinneáil mar thaifead a choinneáil ar ceard a bhfuil aontaithe.

Is iad na roghanna atá ar fáil do rúnaithe ansin ná:

a) le fanacht ar a gcuid téarmaí agus coinníollacha reatha atá curtha ar fáil ag an scoil;

b) le glacadh leis an phacáiste iomlán de thuarastal, téarmaí agus coinníollacha athbhreithnithe;

Léiríonn sé seo an chéad chéim de chur i bhfeidhm an chomhaontaithe.

Rachfar i ngleic leis an deimhniú den chéad chéim seo, an áireamh d'iarphá agus an rogha leis an luach de Shochar Cuardaitheora Poist bheith curtha san áireamh sa phá sa dara chéim den phróiseas comhshamhlaithe. Eiseofar níos mó eolais ar an chéim sin den phróiseas a luaithe agus is féidir.

I gcás ina roghnaíonn rúnaí bogadh go dtí na téarmaí nua féadfaidh siad sochar breise a roghnú leis an luach de shochair leas sóisialta áirithe a chlúdach a bhaineann le tréimhsí ama a bheith saoilte chun bealaigh agus go mbeadh an tuarastal sin 'go bliantúil' thar 52 sheachtain, ar an bhealach sin ag baint an riachtanas le sochar cuardaitheora poist a lorg le linn laethanta saoire scoile. **Mar gheall ar achar ama reatha, áfach ba chóir do rúnaithe scoile a chuireann isteach ar shochar Cuardaitheora poist de ghnáth seo a dhéanamh don chuid eile de 2022 mar ní bheidh an ghné seo curtha i bhfeidhm go dtí 2023. Ba chóir do seo a bheith curtha in iúl go soiléir do rúnaithe comh luath agus is féidir.**

**An Comhaontú**

Faigheann tromlach na mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna deonacha cuidiú le freastal ar sheirbhísí rúnaíochta, fheighlíochta agus ghlantóireachta faoi scéim dheontas. Nuair a fhostaíonn scoil ball foirne d'fhonn tacú leis na feidhmeanna sin bíonn na baill foirne sin mar fhostaithe de scoileanna aonair agus luíonn freagracht do théamraí fostaíochta leis an scoil.

Thug ceardchumann Fórsa éileamh i láthair ar lorg cothromaíocht do na baill foirne seo le baill foirne sheirbhís phoiblí BOO agus oifigigh ón Roinn agus forais bainistíochta scoile ag obair le Fórsa ar na ceisteanna. Tar éis plé dian ag an WRC bhí comhaontú ann ar phacáiste molta leis an éileamh a shocrú mar a leanas:

(a) bog rátaí pá Rúnaithe Scoile go dtí scála atá ailínithe le scála pá Oifigeach Cléireachais Grád III laistigh de Bhoird Oideachais agus Oiliúna ar bhonn pro rata le dáta feidhmithe éifeachtach do na socruithe pá nua seo ó 1 Meán Fómhair 2021. Beidh rátaí pá pro rata de réir patrún oibre reatha an rúnaí.

(b) Moltar méid shaoire bhliantúil de 22 lá (ar bhonn pro rata de réir patrún oibre reatha an rúnaí), le saoire bhliantúil á ghlacadh lasmuigh de na hamanna nuair bheadh an scoil ag feidhmiú (i.e. le linn sosanna na Nollag/na Cásca/ Samhraidh agus lár téarmaí).

(c) Beidh saoire mháithreachais mar a gcéanna leis an sochair reachtúil máithreachais de 26 sheachtain ach tá 'breisiú' den sochar reachtúil máithreachais go dtí 100% de phá, faoi dhian de €150 gach seachtain ó fhostóirí (i.e. €150 ar bharr an sochair reachtúla).

(d) Saoire thinnis íoctha ar feadh suas le 3 lá tinnis i 2022. Tá sé beartaithe an líon seo a mhéadú chuig 5 lá i 2023, 7 lá i 2024 agus 10 lá i 2025.

(e) Baineann cuid bhreise roghnach leis an cheist de rúnaithe atá scaoilte chun bealaigh faoi láthair ar feadh tréimhsí ama agus mar thoradh air seo cuireann siad isteach ar an Roinn Coimirce Sóisialaí d'íocaíocht de shochair. Is é réiteach atá molta ná gur féidir le rúnaithe incrimintí bhreise bunaithe ar an iomlán ar an mhéid a fhaigheann siad de ghnáth ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Beidh seo roghnach le ligeant do rúnaithe a gcur chuige féin a roghnú más mian leo. Ní bheadh rúnaithe ag obair a n-uaireanta/seachtainí reatha ach tabharfar conradh atá cosúil le múnla bliana oibre níos gairide d'aon duine a roghnaíonn an rogha seo (már atá coitianta i bhfostaíochtaí áirithe) ina fhaigheann siad pá dá gcuid oibre reatha (m.sh. 35 sheachtain agus saoire) ach go bhfuil an pá scaipthe thar 52 sheachtain. Chiallódh sé seo nach mbeadh siad ábalta cur isteach ar shochair ó Roinn Coimirce Sóisialaí ar feadh tréimhsí ama ina mbíonn siad scaoilte chun bealaigh.

Tá sé beartaithe go dtabharfar pacáiste comhchosúil do fheighlithe scoile nuair gur a beidh sonraí níos láidre bailithe, a ligeann don éileamh a bheith curtha i gcrích.

**Díríonn an tAire Oideachais d'aird le cinntiú go bhfuil cóipeanna den Chiorclán seo curtha ar fáil do gach ball den Bhord Bainistíochta/Boird Oideachais agus Oiliúna agus go gcuirfear ar súile gach rúnaí i do fhostaíocht a n-ábhar iad siúd atá ar chead neamhláithreachta san áireamh; dírítear ort fosta an t-eolas atá sonraithe faoi alt 4 agus 5 den Chiorclán seo roimh Mheán Fómhair 2022.**

Ba chóir d'aon cheist faoin chiorclán seo a dhíriú go dtí
secretary_circular@education.gov.ie

Is féidir teacht ar an Chiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.gov.ie

| | | |
|---|---|---|
| Mark Bohan | Tom Deegan | Sinead Keenaghan |
| Príomh-Oifigeach | Príomh-Oifigeach | Príomh-Oifigeach |
| Caidrimh Foirne Seachtracha | Airgeadais na Scoile | Párolla |

14 Meitheamh, 2022

## 1. Feidhm an Chiorcláin seo

1.1 Is é feidhm an Chiorclán seo ná Scoileanna a chur ar an eolas faoin chomhaontú ar théarmaí agus coinníollacha de rúnaithe scoile, mar a bhí aontaithe tar éis plé idir na páirtithe, agus leis an soláthar d'eolas áirithe a lorg chun éifeacht a thabhairt do na socruithe sin.

## 2. Aistriú roghnach go dtí an pacáiste

2.1 Ba cheart a lua go bhfuil na socruithe seo roghnach, is féidir le rúnaithe scoile roghnú le fanacht ar a gcuid téarmaí agus coinníollacha reatha más mian leo. Gheobhaidh gach rúnaí a dtuarastal ar deireadh trí phárolla lárnach atá á reáchtáil ag an Roinn Oideachais.

2.2 Ba chóir do rúnaithe a bheidh earcaithe amach anseo ag scoileanna ar an téarmaí agus coinníollacha nua, an cur chuige íocaíochta 52 sheachtain san áireamh.

2.3 Is féidir le rúnaí scoile cinn le:

a) fanacht a dtéarmaí agus coinníollacha reatha, socruithe tuarastail san áireamh agus an deis le tacaíochtaí chuí a lorg ón Roinn Coimirce Sóisialaí le linn tréimhsí a bheith scaoilte chun bealaigh.

b) glacadh leis an phacáiste iomlán de thuarastal, téarmaí agus coinníollacha athbhreithnithe ach le leanstán a bheith íoctha do sheachtainí oibrithe agus an deis a bheith acu le tacaíochtaí chuí a lorg ón Roinn Coimirce Sóisalaí le linn tréimhsí a bheith scaoilte chun bealaigh.

c) glacadh leis an phacáiste iomlán de thuarastal, téarmaí agus coinníollacha athbhreithnithe agus go bhfaighfidh siad an tuarastal sin 'go bliantúil' thar 52 sheachtain, ar an bhealach sin ag baint an deis le sochar cuardaitheora poist a lorg le linn laethanta saoire scoile (gheobhaidh baill foirne mar seo an luach de shochair cuí agus ábhartha íoctha tríd a dtuarastal).

## 3. Dáta Éifeachtach

3.1 Tá na soláthair den chiorclán seo éifeachtach ó thús na scoilbhliana 2022/2023. Ba chóir do scoileanna pointe 4 agus 5 a chur i bhfeidhm.

## 4. Scálaí Tuarastail Athbhreithnithe

4.1 Ba chóir do scoileanna ráta pá reatha do Rúnaithe Scoile a aithint agus an réasúnaíocht thíos a chur i bhfeidhm leis an bpointe a aithint nuair a chomhshamhlódh an rúnaí go dtí má ghlactar leis na téarmaí agus coinníollacha nua. Gheobhaidh an rúnaí má comhshamhlaithe go dtí an scála nua incrimint gach scoilbhliain agus rachaidh siad ar aghaidh pointe amháin suas an scála mar thoradh air seo. Tá an scála pá méadaithe le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2022 leagtha amach ag Aguisín 1.

4.2 Comhshamhlófar rúnaithe go dtí an chéad phointe eile ar an scála bunaithe ar a bpá mar atá ag Meán Fómhair 2021.

4.3 Cuirfear rúnaithe le 10 – 19 mbliain de sheirbhís reatha ar Phointe 5 den scála (€15.07) muna bhfuil siad ag saothrú níos mó ná an méid sin agus má tá leanfaidh siad 4.1 thuas ina áit.

4.4 Cuirfear rúnaithe le breis agus 20 bliain de sheirbhís reatha ar Phointe 7 den scála (€16.30) muna bhfuil ag saothrú níos mó an méid sin agus tá leanfaidh siad 4.1 thuas.

4.5 Beidh comhshamhlú tuarastail bunaithe ar an scála Deireadh Fómhair Grád 3 Oifigeach Cléireachais, tiocfaidh agus cinnteoidh an t-eolas baillithe ó rátaí pá Meán Fómhair 2021

4.6 Tá samplaí oibrithe leagtha amach ag Aguisín 2 (A)

4.7 Áit a bhfuil teidlíocht shaoire bhliantúil de rúnaí curtha san áireamh mar chuid dá bpá, caithfidh próiseas áirithe a leanúint lena ráta san uair a oibriú amach gan saoire bhliantúil san áireamh. Tá sampla oibrithe leis an ráta pá san uair bain ar shiúl pá saoire carntha leagtha amach ag Aguisín 2 (B).

## 5. Teidlíochtaí Shaoire Bhliantúil athbhreithnithe.

5.1 Is é 22 lá sa bhliain saoire bhliantúil do rúnaí lánaimseartha. Mar a fhoráiltear in alt 19 den Acht um Eagrú Ama Oibre 1997, ríomhfar a liúntas saoire bliantúla cuimsitheach iomlán d'fhoireann pháirtaimseartha ar bhonn pro-rata. Ba cheart go mbeadh an soláthar saoire comhionann le 4.4 seachtain eile de ghnáthphá. Tá samplaí oibrithe leagtha amach ag Aguisín 3.

5.2 Tiocfaidh deireadh le "pá saoire rollta suas" (cleachtas de phá saoire a fháil carntha suas le bunphá, ag cur leis an ráta pá san uair rud beag dá bhrí seo) mar mhodh íocaíochta i Meán Fómhair 2022. Áireofar gach teidlíocht shaoire bhliantúil mar atá léirithe i 5.1.

5.3 Nuair atá ag áireamh an teidlíocht shaoire bhliantúil cheart, ba chóir don scoil gach uair an chloig oibrithe a chur san áireamh, am caite ar shaoire bhliantúil, saoire mháithreachais, saoire thuismitheora, saoire uchtála nó an chéad 13 sheachtain de shaoire chúramóra nó aon shaoire reachtúil eile a chur san áireamh.

5.4 Ba chóir do shaoire bhliantúil bheith glactha lasmuigh de na huaireanta nuair a bheadh an scoil ag feidhmiú de ghnáth (i.e. le linn sosanna na Nollag/na Cásca/samhraidh agus lár téarma.

5.5 Tá teidlíochtaí shaoire phoiblí ag teacht leis an "An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997".

## 6. Teidlíochtaí Shaoire thinnis athbhreithnithe

6.1 Beidh soláthar saoire Thinnis do rúnaithe a chomhshamhlaíonn go dtí na téarmaí agus coinníollacha nua.

6.2 Íocfar saoire thinnis ar feadh suas go dtí 3 lá i scoilbhliana 2022/2023. Méadófar seo go dtí 5 lá i 2023/2024, 7 lá i 2024/2025 agus 10 lá gach scoilbhliain ó 2025 ar aghaidh.

## 7. Teidlíochtaí Shaoire mháithreachais athbhreithnithe

7.1 Beidh saoire mháithreachais mar a gcéanna leis an sochair reachtúil máithreachais de 26 sheachtain ach tá 'top up' den sochar reachtúil máithreachais go dtí 100% de phá, faoi dhian de €150 gach seachtain ó fhostóirí (i.e. €150 ar bharr an sochair reachtúla).

## 8. Socruithe Comhshamhlaithe amach anseo

8.1 I láthair na huaire, tá an Roinn i mbun scrúdú faoi na roghanna faoinmbealach is fearr le heolas a bhailiú ar gach ball foirne ábhartha agus le roinnt feidhmeanna a dhéanamh:

a) Deimhniú den ráta pá san uair nua a leagann na scoileanna amach faoin chiorclán

b) An áireamh d'iarphá go dtí an dáta éifeachtach aontaithe de 1 Meán Fómhair 2021 mar gheall ar bhaill foirne (agus le méaduithe ó chomhaontuithe náisiúnta curtha san áireamh) agus cén bealach le scoileanna a mhaoiniú maidir leis an ábhar sin

c) Cén bealach is fearr leis na hincrimintí bhreise roghnacha a chur i bhfeidhm do rúnaithe atá scaoilte chun bealaigh ar feadh tréimhsí ama faoi láthair agus mar thoradh air seo cuireann siad isteach ar an Roinn Coimirce Sóisalaí d'íocaíochtaí de shochair ach ar mhian leo an luach de na sochair sin bheith curtha san áireamh ina bpá thar tréimhse de 52 sheachtain.

8.2 Eiseofar teachtaireachtaí bhreise ar na gnéithe seo do scoileanna chomh luath agus is féidir.

## 9. Pá láraithe

9.1 Mar atá luaite thuas, beifear ag súil le go mbogfaidh rúnaithe go dtí córas párolla atá láraithe faoi bhainistíocht an Roinn Oideachais amach anseo. Tá an Roinn ag smaoineamh ar an gcur chuige díreach agus scaipfear an scéal in am trátha.

9.2 Go dtí an dáta seo leanfaidh rúnaithe ar aghaidh le bheith íoctha go díreach óna bhfostóir an ráta pá nua aitheanta san áireamh.

9.3 Smaoineoidh an Roinn faoi chinntí ar an gcur chuige do mhaoiniú cúnaimh deontais reatha.

An Roinn Oideachais
Department of Education

## Aguisín 1

Scála Pá Rúnaí Scoile

| Pointe Scála | Olltuarastal | Ráta san uair |
|---|---|---|
| 1 | € 25,102 | €13 |
| 2 | € 26,718 | €13.84 |
| 3 | € 27,116 | €14.04 |
| 4 | € 27,925 | €14.46 |
| 5 | € 29,103 | €15.07 |
| 6 | € 30,285 | €15.68 |
| 7 | € 31,469 | €16.30 |
| 8 | € 32,326 | €16.74 |
| 9 | € 33,299 | €17.24 |
| 10 | € 34,426 | €17.83 |
| 11 | € 35,226 | €18.24 |
| 12 | € 36,345 | €18.82 |
| 13 | € 37,469 | €19.40 |
| 14 | € 39,587 | €20.50 |
| 15 | €39,587 | €20.50 |
| Incrimint Sheirbhís Fhada* | € 41,090 | €21.28 |

*Tar éis 3 bliana sherbhís shasúil ag an uasmhéid

## Aguisín 2 (A)

Samplaí oibrithe de Chomhshamhlú de Rúnaithe ar an scála pá aontaithe.

**Sampla 1:** Rúnaí atá ar €13 san uair faoi láthair le 3 bliana de sheirbhís. Rinne an rúnaí an cinneadh le leas a bhaint as an gcomhaontú pá nua agus dá bhrí sin bogann siad do dtí an chéad phointe eile sa scála (€13.84)

| Ráta pá reatha | Seirbhís reatha | Ráta pá nua nuair atá bogtha go dtí an scála pá nua |
|---|---|---|
| €13.00 | 3 | €13.84 |

**Sampla 2:** Rúnaí atá ar €13 san uair faoi láthair le 12 bhliain de sheirbhís. Rinne an rúnaí an cinneadh le leas a bhaint as an gcomhaontú pá nua agus dá bhrí sin bogann siad go dtí pointe 5 den scála (€15.07)

| Ráta pá reatha | Seirbhís reatha | Ráta pá nua nuair atá bogtha go dtí an scála pá nua |
|---|---|---|
| €13.00 | 12 | €15.07 |

**Sampla 3:** Rúnaí atá ar €14 san uair le 21 bhliain de sheirbhís. Rinne an rúnaí an cinneadh le leas a bhaint as an gcomhaontú pá nua agus dá bhrí sin bogann siad go dtí point 7 den scála (€16.30)

| Ráta pá reatha | Seirbhís reatha | Ráta pá nua nuair atá bogtha go dtí an scála pá nua |
|---|---|---|
| €14.00 | 21 | €16.30 |

**Sampla 4:** Rúnaí atá ar €18 san uair faoi láthair le 21 bhliain de sheirbhís. Rinne an rúnaí an cinneadh le gan leas a bhaint as an gcomhaontú pá nua agus dá bhrí sin fanann siad ar a ráta pá san uair reatha

| Ráta pá reatha | Seirbhís reatha | Ní bhaineann an ráta pá nua nuair atá bogtha go dtí an scála pá nua |
|---|---|---|
| €18 | 21 | €18 |

## Aguisín 2 (B)

Sampla oibrithe leis an áireamh de ráta pá san uair a léiriú do rúnaí a fhaigheann "rolled up holiday pay"

**Sampla 1:** Rúnaí atá ar €15 san uair faoi láthair a chuireann pá shaoire carntha san áireamh

| Ráta pá reatha | Ríomh 8% den ráta reatha | Bain an áireamh 8% ar shiúl | Ráta pá nua |
|---|---|---|---|
| €15.00 | €1.20 | €13.80 | €13.80 |

Bheadh an rúnaí seo a chomhshamhlú ar an scála pá nua mar atá leagtha amach sna samplaí thuas. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara cé go rachaidh an ráta san uair síos giota beag, anois gheobhaidh an rúnaí laethanta saoire bhliantúil íoctha mar sin ar an iomlán níl aon chailliúint.

## Aguisín 3

Is é an t-alt iomchuí den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 ná alt 19. Deir fo-alt 5 d'alt 19 *"(5) Measfar, chun críocha fho-alt (1), gur oibrigh fostaí lá den bhliain. na huaireanta a d'oibrigh sé nó sí an lá sin a fhágáil murach lá saoire bliantúla a bhí ann*."

*Ar an mbonn gurb é an liúntas saoire bliantúla do 1 WTE ná 4.4 seachtaine (4 seachtaine de 5 lá an ceann = 20 lá, móide 2 lá, nó 0.4 de sheachtain 5 lá, = 22 lá), is iad seo a leanas samplaí de phatrúin chomhroinnte oibre :*

| WTE | Samplaí de phatrún comhroinnte oibre | Ríomh | Teidlíocht saoire bhliantúil | Teidlíocht saoire bhliantúil curtha in iúl i dtéarmaí patrún comhroinnte oibre |
|---|---|---|---|---|
| 0.5 | Maidin amháin / 2.5 lá in aghaidh na seachtaine | 4.4 x 0.5=2.2 seachtaine | 11 lá | 22 maidineacha |
| 0.5 | 2.5 lá in aghaidh na seachtaine | 4.4 x 0.5=2.2 seachtaine | 11 lá | 4 seachtaine de '2.5 lá in aghaidh na seachtaine' agus 1 lá iomlán nó 2 x 0.5 lá |
| 0.6 | 3 lá in aghaidh na seachtaine | 4.4 x 0.6 =2.64 seachtaine | 13.5 lá | 4 seachtaine oibre agus 1.5 lá |
| 0.7 | 3.5 lá in aghaidh na seachtaine | 4.4 x 0.7 = 3.08 seachtaine | 15 lá | 4 seachtaine oibre agus 1 lá |
| 0.8 | 4 lá in aghaidh na seachtaine | 4.4 x 0.8 =3.52 seachtaine | 17.5 lá | 4 seachtaine oibre agus 1.5 lá |
| 0.9 | 4.5 lá in aghaidh na seachtaine | 4.4 x 0.9 = 3.96 seachtaine | 20 lá | 4 seachtaine oibre agus 2 lá |

Gheobhaidh rúnaithe a oibríonn uaireanta laghdaithe go laethúil, ach a oibríonn 5 lá iomlán na seachtaine den tseachtain oibre, a liúntas mar laethanta, agus beidh luach na laethanta iad féin pro-rata (m.sh. rúnaí a oibríonn 5 huaire, 5 lá den lá). sheachtain, gheobhadh sé 4.4 seachtain de shaoire bhliantúil, ach is é luach gach lae de shaoire bhliantúil ná 5 huaire, is é sin fad an ghnáthlá oibre).

## Aguisín 4

**Foirm do Scoil le líonadh**
**(Coinnigh cóip ar scoil le bhur dtoil agus tabhair cóip don rúnaí)**

1. **Ainm na Scoile:**

2. **Uimhir Rolla na Scoile:**

3. **Líon isteach an t-eolas seo a leanas maidir le gach rúnaí i do scoil:**

**Ainm:**
**PPSN:**
**Fostaithe ó (ionsáigh dáta ):**
**Méid blianta fostaithe mar rúnaí scoile:**
**Ráta pá san uair ag Meán Fómhair 2021:**

**An áiríonn an ráta seo 8% pá rollaithe suas in ionad saoire?**

**Saoire Reatha a Thugadh do Rúnaí:**

a) **Saoire bhliantúil:**
b) **Saoire thinnis le pá:**
c) **Saoire thinnis gan pá:**
d) **Saoire eile:**

**Ráta pá san uair nua aitheanta faoi chuid 4 má ag bogadh go dtí téarmaí nua**

**Teidlíocht shaoire bhliantúil aitheanta faoi Chuid 5 má ag bogadh go dtí téarmaí nua**

**Ainm:**

**Síniú:**

**Dáta:**

An Roinn Oideachais
Department of Education

## Aguisín 5

**Foirm do rúnaí**

**Deimhním, _______________________, gur bhfuair mé cóip den Chiorclán agus deis le smaoineamh ar na téarmaí agus coinníollacha atá curtha i láthair.**

**Deimhním fosta gur bhfuair mé cóip den fhoirm a líon isteach an scoil ag Aguisín 4 agus go bhfuil mé sásta gur léiriú cruinn é ar na téarmaí agus coinníollacha de mo fhostaíocht reatha.**

**Agus an deis a bheith agam le smaoinigh ar na téarmaí agus coinníollacha atá curtha ar fáil faoin chomhaontú WRC, roghnaím (ticeáil do rogha roghnaithe thíos):**

1. **le fanacht ar mo théarmaí agus coinníollacha**

2. **le glacadh leis an phacáiste iomlán de thuarastal, téarmaí agus ciollíollacha athbhreithnithe**

**Ainm:**

**Síniú:**

**Dáta:**